Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Nollaig 2024**
**(OR. en)**

**17028/24**

**COSCE 6**
**COPS 703**
**CFSP/PESC 1833**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 16645/24 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais le haghaidh comhar le Comhairle na hEorpa in 2025-2026 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn, na conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais le haghaidh comhar le Comhairle na hEorpa in 2025-2026, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad an 17 Nollaig 2024.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais le haghaidh comhar le Comhairle na hEorpa in 2025-2026**

1. Ócáid thábhachtach a bhí i gcomóradh 75 bliana Chomhairle na hEorpa in 2024 chun feasacht a mhúscailt maidir le tionchar dearfach na hEagraíochta ar shaol laethúil daoine agus an méid suntasach atá bainte amach aici i réimsí chearta an duine, an daonlathais agus an smachta reachta san Eoraip le 75 bliana anuas.

2. In 2025, beidh comóradh á dhéanamh ag an Aontas ar an bhforógra maidir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha (25 bliana ar an bhfód), agus beidh comóradh á dhéanamh ag Comhairle na hEorpa ar an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (75 bliana ar an bhfód), agus leanfar i gcónaí leis an obair thábhachtach chomhpháirteach chun cearta bunúsacha a chosaint agus a chur chun cinn.

3. Tá an tAontas lántiomanta i gcónaí d'fheidhmiú éifeachtach coinbhinsiúnchóras Chomhairle na hEorpa agus do chur chun feidhme na gcoinbhinsiún sa chóras sin lena seasann sé.

4. I gcomhthéacs reatha an bhrú leanúnaigh atá ar an gcóras institiúideach iltaobhach, beidh sé d'aidhm ag an Aontas stádas na comhpháirtíochta straitéisí le Comhairle na hEorpa a dhaingniú a thuilleadh mar phríomhshampla den chomhar iltaobhach éifeachtach i réimse chearta an duine, an daonlathais agus an smachta reachta, agus ag an am céanna an tsíocháin réigiúnach, an chobhsaíocht agus an rathúnas á gcur chun cinn aige.

5. Is é an tAontas príomh-chomhpháirtí institiúideach Chomhairle na hEorpa ó thaobh na polaitíochta, an airgeadais agus an dlí de, mar a athdhearbhaíodh i nDearbhú Reykjavík i mí na Bealtaine 2023. Comhoibreoidh an tAontas go dlúth le Comhairle na hEorpa chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach é. I gcomhréir le Dearbhú Reykjavik, tacóidh an tAontas le Comhairle na hEorpa ionas go leanfar den phróiseas athchóirithe chun trédhearcacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht níos fearr a bhaint amach, lena n-áirítear trí dhíriú ar ghníomhaíochtaí a mbeadh buntáistí comparáideacha ag Comhairle na hEorpa ina leith.

6. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta don Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) agus don Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, lena n-áirítear forghníomhú éifeachtach tráthúil a cuid breithiúnas. Tá rún daingean aige i gcónaí aontú don Choinbhinsiún agus tá sé ag tnúth leis an sprioc thábhachtach sin, a chumhdaítear in Airteagal 6(2) CAE, a chur chun cinn a thuilleadh.

7. Is dúshlán marthanach é cogadh foghach leanúnach na Rúise ar an Úcráin a chuireann in aghaidh shíocháin agus slándáil na hEorpa, chomh maith leis na luachanna daonlathacha agus cearta an duine, arb iad bunchloch an Aontais Eorpaigh iad. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair i ndlúthchomhar le Comhairle na hEorpa chun cuntasacht iomlán na Rúise agus a ceannaireachta a lorg maidir le cogadh foghach a fhearadh ar an Úcráin agus maidir leis na coireanna is tromchúisí eile faoin dlí idirnáisiúnta, agus maidir leis an damáiste a rinne a cogadh. Tá an dá eagraíocht tiomanta i gcónaí do chearta na n-íospartach chun ceartais agus chun cúitimh, chomh maith le ráthaíochtaí nach dtarlódh sé arís. Leanfaidh siad de bheith ag obair le chéile chun an Binse Speisialta maidir le coir an fhogha faoin Úcráin a bhunú, lena n-áiritheofar go bhféadfar an fhianaise arna bailiú ag an Lárionad Idirnáisiúnta um Ionchúiseamh Choir an Fhogha a aistriú chuig an mBinse Speisialta agus a úsáid os a chomhair. Leanfaidh an tAontas, mar Rannpháirtí lánfheidhme sa Chlár Damáiste don Úcráin, agus Comhairle na hEorpa de bheith ag obair le chéile chun sásra cuimsitheach idirnáisiúnta cúitimh a bhunú.

8. Leanfaidh an tAontas de bheith rannpháirteach go gníomhach i ngníomhaíochtaí Chomhairle na hEorpa chun tacú leis an Úcráin agus lena muintir, lena n-áirítear nuair a chuirfidh Comhairle na hEorpa chun feidhme an Plean Gníomhaíochta maidir leis an Úcráin ‘Athléimneacht, Téarnamh agus Atógáil’ 2023-2026 agus in obair an Ghrúpa Comhairliúcháin maidir le Leanaí na hÚcráine.

9. Is infheistíocht straitéiseach sa tsíocháin, sa tslándáil, sa chobhsaíocht agus sa rathúnas ar fud na mór-roinne é méadú an Aontais agus is uirlis chumhachtach é chun cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta, ar a bhfuil an tAontas agus Comhairle na hEorpa bunaithe, a chur chun cinn. Leanfaidh an tAontas de bheith ag comhoibriú go dlúth le Comhairle na hEorpa agus lena saineolaithe agus lena comhlachtaí faireacháin chun treoir a chur ar fáil sna réimsí sin. Trí Chláir Chomhpháirteacha idir an tAontas agus Comhairle na hEorpa, leanfaidh an dá eagraíocht de thacaíocht a thabhairt do na hathchóirithe darb aidhm critéir bhallraíochta an Aontais a chomhlíonadh, a mhéid a bhaineann le bunphrionsabail chearta an duine, an daonlathais agus an smachta reachta.

10. Is díol sásaimh don Aontas an comhar atá á dhéanamh idir Comhairle na hEorpa agus sochaí shibhialta na Bealarúise, fórsaí daonlathacha, na meáin neamhspleácha agus iriseoirí neamhspleácha, agus cosantóirí i réimse chearta an duine, lena n-áirítear faoi chuimsiú Ghrúpa Teagmhála Chomhairle na hEorpa agus gur bunaíodh Pointe Faisnéise Chomhairle na hEorpa do Mhuintir na Bealarúise i Vilnias.

11. Rachaidh an tAontas i dteagmháil freisin le Comhairle na hEorpa chun bealaí a aimsiú chun an comhar a neartú le gníomhaithe neamhspleácha i sochaí shibhialta na Rúise, leis na meáin neamhspleácha agus le hiriseoirí neamhspleácha sa Rúis, agus le cosantóirí i réimse chearta an duine, atá gníomhach laistigh agus lasmuigh den Rúis araon.

12. Bhí beartas Chomhairle na hEorpa maidir le Comharsanacht an Deiscirt agus an Lárionad Eorpach um Idirspleáchas Domhanda agus Dlúthpháirtíocht Dhomhanda ríthábhachtach chun an t-idirphlé agus an comhar idir an Domhain Thuaidh agus an Domhan Theas a neartú, chun an dlúthpháirtíocht a chothú agus chun cobhsaíocht a chur chun cinn san Eoraip agus sna réigiúin máguaird. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt d'obair Ionad Thuaidh-Theas Chomhairle na hEorpa.

13. Sa lá atá inniu ann, ní teoranta do mhór-roinn na hEorpa atá tionchar Chomhairle na hEorpa, ós iomaí coinbhinsiún atá aici atá oscailte do shíniú domhanda agus raon domhanda ag roinnt dá sásraí. Leanfaidh an tAontas de chur chun cinn aontachas na Stát neamh-Eorpach leis na coinbhinsiúin is ábhartha de chuid Chomhairle na hEorpa. Díreofar go háirithe ar na coinbhinsiúin sin trínar féidir an comhar breithiúnach le tríú tíortha a neartú i gcomhrac na coireachta tromchúisí trasteorann, go háirithe an choireacht eagraithe.

14. Leanfaidh an tAontas de bheith ag gníomhú i gcomhpháirtíocht le Comhairle na hEorpa le tosaíochtaí an Aontais a chur chun feidhme ina ghníomhaíochtaí seachtracha, faoi threoir Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas (2020-2027).

15. Is é an tAontas Eorpach an deontóir is mó a ranníocann le hacmhainní seachbhuiséadacha Chomhairle na hEorpa. Tá méadú tagtha ar imchlúdach carnach iomlán ár gclár comhpháirteach ó EUR 95 mhilliún in 2013 go EUR 245 mhilliún in 2023. In 2025-2026, sa bhreis ar ár saoráidí réigiúnacha sna tíortha is iarrthóirí agus sna tíortha is iarrthóirí ionchasacha agus i gcomharsanacht an Aontais, tá sé beartaithe ag an Aontas tuilleadh tacaíochta a thabhairt tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil do dhearadh, forbairt agus cur chun feidhme na n-athchóirithe spreagtha fáis sna Ballstáit ar athchóirithe institiúideacha, riaracháin agus struchtúracha iad.

16. Déanfaidh an tAontas a dhícheall feabhas a chur ar infheictheacht na dtorthaí nithiúla a bhaintear amach trí chomhar idir an tAontas agus Comhairle na hEorpa, lena n-áirítear trí ráitis chomhpháirteacha agus trí imeachtaí ardleibhéil maidir le hábhair leasa choitinn, agus déanfaidh sé a dhícheall an chumarsáid ina leith sin go léir a fheabhsú freisin. Chuideodh rannpháirtíocht leanúnach na sochaí sibhialta freisin leis an infheictheacht sin a fheabhsú.

17. Sa chéad 2 bhliain atá romhainn, leanfaidh an comhar tairbhiúil idir an tAontas agus Comhairle na hEorpa i dtrí phríomhcholún na comhpháirtíochta straitéisí, is iad sin an t-idirphlé polaitiúil, an comhar dlíthiúil agus an comhar sa chlársceidealú, ina ndíreofar ar na tosaíochtaí seo a leanas i réimsí chearta an duine, an daonlathais agus an smachta reachta, agus atá fite fuaite ina chéile agus a threisíonn a chéile:

**<u>CEARTA AN DUINE</u>**

18. Tá sé ríthábhachtach pionós an bháis agus an chéastóireacht agus drochíde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach a dhíothú chun dínit an duine a áirithiú agus chun an ceart chun na beatha a urramú. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí múscailte feasachta agus abhcóideachta chun díospóireacht oscailte, trédhearcach agus dhaonlathach a chothú chun pionós an bháis a dhíothú go hiomlán, lena n-áirítear trí Dhearbhú Comhpháirteach idir an tAontas agus Comhairle na hEorpa a eisiúint go bliantúil i gcoinne phionós an bháis. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí do dheireadh a chur le gach cineál céastóireachta agus drochíde, lena n-áirítear trí cheartas agus cúiteamh d’íospartaigh a chur chun cinn agus rannpháirtíocht na marthanóirí a neartú.

19. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta don tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a chur chun cinn agus a chosaint, lena n-áirítear saoirse na meán agus sábháilteacht iriseoirí agus oibrithe sna meáin, ar líne agus as líne araon. Áirítear leis sin, *inter alia*, tacú le meáin neamhspleácha iolraíocha agus cuntasacht a áirithiú as coireanna i gcoinne iriseoirí. Coinneoidh an tAontas súil ghéar ar obair Ardán Chomhairle na hEorpa um Chosaint Iriseoireachta agus Sábháilteacht Iriseoirí chun faireachán a dhéanamh ar bhagairtí agus chun cosaintí a fheabhsú, agus béim á leagan ar na daoine sin a thuairiscíonn ó limistéir choinbhleachta, a dhéanann imscrúdú ar éilliú agus a thuairiscíonn sáruithe agus mí-úsáidí i réimse chearta an duine.

20. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt don obair a dhéanann institiúidí náisiúnta um chearta an duine, cosantóirí i réimse chearta an duine agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Tá an comhar le Comhairle na hEorpa tábhachtach freisin maidir le sásraí an Aontais ar nós an tSásra um Chosantóirí Chearta an Duine. Beidh an tAontas ar thús cadhnaíochta maidir le timpeallacht shábháilte chumasúcháin ar líne agus as líne a chur chun cinn don tsochaí shibhialta agus do chosantóirí i réimse chearta an duine, lena n-áirítear iad siúd atá ar deoraíocht. Tabharfaidh sé aird ar leith ar fhaireachas neamhdhleathach ar líne agus cuirfidh sé i gcoinne bearta dlíthiúla agus riaracháin lena laghdaítear an spás sibhialta. Cáinfidh an tAontas aon chineál díoltais i gcoinne cosantóirí i réimse chearta an duine a chomhoibríonn, a fhéachann le comhoibriú nó a chomhoibrigh riamh le Comhairle na hEorpa.

21. Doimhneoidh an tAontas a chuid oibre chun comhionannas inscne a chur chun cinn agus chun foréigean teaghlaigh, gnéasach agus inscnebhunaithe a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, trí ‘Coinbhinsiún Iostanbúl’ a chur chun feidhme. Dhaingnigh an tAontas ‘Coinbhinsiún Iostanbúl’ chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoina inniúlacht eisiach, i ndáil le hinstitiúidí agus riarachán poiblí an Aontais, agus i ndáil le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, tearmann agus *non-refoulement*. Cruthóidh an tAontas sineirgí freisin idir na creataí éagsúla polaitiúla agus dlíthiúla maidir le cearta an duine agus comhionannas inscne a bheith á dteachtadh ag mná agus cailíní, agus béim á leagan ar a gcur chun feidhme feabhsaithe.

22. Déanfaidh an dá eagraíocht iarrachtaí comhpháirteacha a bheidh dírithe ar urraim, cosaint agus comhlíonadh chearta an linbh a chur chun cinn, mar a leagtar amach i straitéisí an Aontais agus Chomhairle na hEorpa faoi seach. Tabharfar aird ar leith ar rannpháirtíocht leanaí, cosaint chomhtháite leanaí, ceartas a thacaíonn le leanaí, cumhachtú digiteach agus cosaint dhigiteach, cuimsiú leanaí atá i ngátar agus leanaí i limistéir choinbhleachta, agus déanfar sin i gcomhréir le Treoirlínte an Aontais maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha a tugadh cothrom le dáta le déanaí. Leanfaidh an tAontas agus Comhairle na hEorpa de na hiarrachtaí comhpháirteacha atá á ndéanamh acu agus atá dírithe ar dhea-bhail leanaí na hÚcráine ar a gcosaint, go háirithe leanaí a díbríodh go neamhdhleathach, a aistríodh go héigeantach agus a uchtaíodh go neamhdhleathach sa Rúis, agus iarrann siad go dtabharfar ar ais go sábháilte iad agus go gcoinneofar déantóirí na coire cuntasach, ag tacú le gníomhaíochtaí na Comhghuaillíochta Idirnáisiúnta chun Leanaí ón Úcráin a thabhairt abhaile.

23. Leanfaidh an tAontas le neart a chur leis an gcomhar a dhéantar le Comhairle na hEorpa de réir mar a chuireann sé chun feidhme a Straitéise chun mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí, straitéis lena gcumhdaítear trí phríomhghné: cosc, tacaíocht d'imscrúduithe, agus cúnamh d'íospartaigh. Leanfaidh sé den Choinbhinsiún maidir le leanaí a chosaint ar theacht i dtír gnéasach agus ar mhí-úsáid ghnéasach ('Coinbhinsiún Lanzarote') a chur chun cinn agus seasfaidh sé leis an gcomhar éifeachtach a dhéantar le Coiste na bPáirtithe sa Choinbhinsiún sin.

24. Leanfaidh an tAontas freisin de pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí Chomhairle na hEorpa i ndáil le cearta daonna na n-imirceach, na n-iarrthóirí tearmainn agus na ndídeanaithe, go háirithe an ceart bunúsach chun tearmann a lorg agus prionsabal an *non-refoulement*. I ndáil leis an méid sin, tabharfaidh an tAontas aird ar leith ar mhná agus ar dhaoine atá i staideanna leochaileacha mar shampla leanaí gan tionlacan, daoine LADTI, daoine faoi mhíchumas nó iad siúd ar a n-imrítear leithcheal nó foréigean, chomh maith le hionstraimiú na n-imirceach. Tá an tAontas tiomanta do bheith ag seasamh le cearta an duine agus coimircí nós imeachta i ndáil le gach iarrthóir tearmainn agus dídeanaí agus imirceach gan beann ar a stádas i gcomhréir lenár n-oibleagáidí idirnáisiúnta agus Comhshocrú an Aontais maidir le hImirce agus Tearmann agus leis an Treoir um Chosaint Shealadach.

25. Leanfaidh an tAontas de bheith i dteagmháil le Comhairle na hEorpa agus lena grúpa saineolaithe um ghníomhaíocht in aghaidh gáinneáil ar dhaoine, i gcomhréir le Straitéis an Aontais um gháinneáil ar dhaoine a chomhrac agus leis an Treoir athbhreithnithe maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus maidir lena híospartaigh a chosaint, d'fhonn feabhas a chur ar an gcosc agus ar an bhfreagairt ar an ngáinneáil ar dhaoine, feabhas a chur ar chosaint, tacaíocht agus cumhachtú íospartach, agus comhar réigiúnach a neartú maidir le gné idirnáisiúnta na coireachta sin.

26. Cé go bhfuil an tAontas fós ar a shon go gcuirfeadh Comhairle na hEorpa neart lena gníomhaíochtaí i réimse na smuigleála imirceach i gcomhréir leis an gcreat atá ann cheana i bPlean Gníomhaíochta 2020 Chomhairle na hEorpa maidir le Comhar Idirnáisiúnta agus Straitéisí Imscrúdaitheacha a Chothú, creideann an tAontas gur gá an bhéim a leagan ar athbhreithniú agus ar fhaireachán na gcreataí dlíthiúla atá ann cheana ar leibhéal na Náisiún Aontaithe agus ar leibhéal an Aontais, in ionad Coinbhinsiún nua de chuid Chomhairle na hEorpa a ullmhú sa réimse sin.

27. Oibreoidh an tAontas i gcomhar le Comhairle na hEorpa chun dlús a chur le gníomhaíocht chun idirdhealú a chomhrac agus aird á tabhairt ar chineálacha iomadúla trasnacha an idirdhealaithe, lena n-áirítear ar fhorais inscne, cine, datha, tionscnaimh eitnigh nó shóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiúin nó creidimh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim, maoine, breithe, míchumais, aoise, gnéaschlaonta agus féiniúlachta inscne eile. Leanfaidh sé de na seisiúin tuairimíochta maidir le beartais agus tionscnaimh chun ciníochas, frithghiofógachas, frithsheimíteachas agus fuath frith-Mhoslamach a chomhrac. Cuirfidh an tAontas chun cinn freisin go mbeidh cearta an duine á dteachtadh go hiomlán agus go cothrom ag daoine LGBTI i gcomhréir le cásdlí na Cúirte agus leis na caighdeáin is infheidhme. Comhoibreoidh sé go dlúth leis an gCoimisiún Eorpach i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe agus le gach ceann eile de na ranna agus na feidhmeanna speisialaithe.

28. I gcomhréir leis na hairteagail ábhartha maidir le neamh-idirdhealú den Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine agus Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, oibreoidh an tAontas agus Comhairle na hEorpa le chéile d’fhonn urraim a chur chun cinn don éagsúlacht trí chearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn do dhaoine ar de mhionlaigh náisiúnta iad i gcomhréir leis na noirm, leis na caighdeáin agus le moltaí Choimisiún na Veinéise is infheidhme ag Comhairle na hEorpa.

29. Tabharfar aird ar leith freisin ar ghníomhaíochtaí comhpháirteacha chun cur i gcoinne scaipeadh na fuathchoireachta agus na fuathchainte (ar líne agus as líne). Tá Comhairle na hEorpa fós ina comhpháirtí pribhléideach de chuid an Aontais i gcomhthéacs an Ghrúpa Ardleibhéil maidir leis an bhfuathchaint agus an fhuathchoireacht a chomhrac, agus maidir le moltaí ábhartha Chomhairle na hEorpa a chur chun feidhme.

30. Leanfar den dlúthchomhar i ndáil leis na cearta chun príobháideachais agus na cearta a bhaineann le cosaint sonraí, lena n-áirítear tríd an gCoinbhinsiún Nuachóirithe chun daoine aonair a chosaint maidir sonraí pearsanta (‘Coinbhinsiún 108+’) a chur chun cinn agus trí rannchuidiú le hobair Choiste Comhairleach Chomhairle na hEorpa den Choinbhinsiún chun Daoine Aonair a Chosaint maidir le Sonraí Pearsanta a Phróiseáil go hUathoibríoch.

31. Thairis sin, trí rannpháirtíocht, leanfar de chearta a chaomhnú i gcás daoine aonair lena mbaineann imeachtaí coiriúla, go háirithe an ceart chun triail chóir a fháil agus an ceart chun cosanta. Leanfaidh an tAontas d’ionstraimí Chomhairle na hEorpa maidir le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla a chur chun cinn chun tuilleadh feabhais a chur ar an gcomhthuiscint ar na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme sa réimse sin. I Moladh 2022 maidir le cearta nós imeachta i gcás daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe agus atá á gcoinneáil roimh thriail agus maidir le coinníollacha coinneála ábhartha, leagtar síos íoschaighdeáin a mhéid a bhaineann le coinneáil réamhthrialach a fhorchur, méideanna na gceall, am lasmuigh, cothú agus dálaí cúraim sláinte, chomh maith le tionscnaimh ar mhaithe le hath-imeascadh agus le hathshlánú sóisialta. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair i ndlúthchomhar le Comhairle na hEorpa ar na hábhair sin i gcomhthéacs an mhaoinithe a chuirtear ar fáil faoi Chlár Ceartais an Choimisiúin do Líonra na gComhlachtaí Faireacháin Príosún.

32. Ina theannta sin, neartóidh an tAontas an comhar le Comhairle na hEorpa a thuilleadh chun ardchaighdeáin idirnáisiúnta a chur chun cinn maidir le cearta íospartaigh na coireachta, mar a léirítear i Straitéis an Aontais um chearta íospartach (2020-2025). Tá an comhar sin bailí go háirithe ó glacadh an Moladh ó Chomhairle na hEorpa maidir le cearta, seirbhísí agus tacaíocht d’íospartaigh na coireachta an 15 Márta 2023 agus an togra ón gCoimisiún le haghaidh athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cearta Íospartach an 12 Iúil 2023. Tríd an gcomhar sa réimse sin, cuideofar le feabhas a chur ar an gcreat chun tacaíocht agus cosaint a thabhairt d’íospartaigh na coireachta, neartófar an ceartas lena dtacaítear le híospartaigh agus, mar thoradh air sin, cuirfear le slándáil na saoránach uile.

33. I gcomhthéacs na gceart eacnamaíoch agus sóisialta, oibreoidh an tAontas i gcomhar le Comhairle na hEorpa chun cearta an duine a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh i gcomhréir le Cairt Shóisialta na hEorpa agus le Cairt Shóisialta na hEorpa (athbhreithnithe), agus cuirfear na gealltanais a tugadh faoi Dhearbhú Vilnias san áireamh. Leanfaidh an tAontas de bheith ag comhoibriú le Comhairle na hEorpa maidir le cuimsiú na Romach agus le cur chun feidhme na ngealltanas a tugadh ag Cruinniú Mullaigh Sóisialta 2021 an Aontais Eorpaigh in Porto.

34. Coinníonn an tAontas súil ghéar ar fhorbairtí normatacha nua a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le ceart an duine chun comhshaoil ghlain, shláintiúil agus inbhuanaithe. Áirítear leis sin comhordú an Aontais a neartú a mhéid a bhaineann leis an athrú aeráide a chomhrac agus athléimneacht a chothú maidir le tionchar an athraithe aeráide, chomh maith le plé a dhéanamh ar an ngá atá le hionstraim nó ionstraimí breise maidir le cearta an duine agus an comhshaol, agus ar a indéanta a bheadh sin, agus an cásdlí atá ag dul i méid á chur san áireamh. Tacóidh an tAontas le cur chun feidhme an Mholta ó Choiste na nAirí maidir le cearta an duine agus cosaint an chomhshaoil, agus maidir le príomhshruthú níos fearr a dhéanamh ar shaincheisteanna comhshaoil. Thairis sin, aithníonn an tAontas an ról ríthábhachtach atá ag cosantóirí comhshaoil i réimse chearta an duine agus tacóidh sé leis na hiarrachtaí atá ar bun acu chun aghaidh a thabhairt ar choireanna comhshaoil.

35. Tá comhrac na coireachta comhshaoil mar thosaíocht lárnach ag dá eagraíocht freisin. Chomhaontaigh saineolaithe téacs an Choinbhinsiúin nua maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil an 7 Meitheamh 2024. Sa Choinbhinsiún, tá liosta cuimsitheach cothrom le dáta de chionta agus d'fhorálacha maidir le smachtbhannaí agus forfheidhmiú, agus d'fhéadfaí comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn leis chun go neartófaí comhrac na gcoireanna comhshaoil a thuilleadh. Oibreoidh an tAontas agus Comhairle na hEorpa le chéile chun tacaíocht pholaitiúil a fháil don téacs uaillmhianach sin agus chun an Coinbhinsiún a chur chun cinn i measc comhpháirtithe idirnáisiúnta.

36. Mar Pháirtí sa Choinbhinsiún maidir le Caomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádúrtha na hEorpa ('Coinbhinsiún Bheirn'), leanfaidh an tAontas de bheith ag obair chun cosaint agus athbhunú an dúlra a phríomhshruthú i gclár oibre comhshaoil níos leithne an Aontais agus Chomhairle na hEorpa araon, agus rannchuideoidh sé leis na hiarrachtaí chun cobhsaíocht airgeadais fhadtéarmach an Choinbhinsiúin a áirithiú.

37. I gcomhréir le Gníomh an Aontais um an Intleacht Shaorga, leanfaidh an tAontas de bheith ag obair le Comhairle na hEorpa chun cur chuige freagrach, inbhuanaithe, atá fite fuaite i gcearta an duine a áirithiú i leith fhorbairt, dhearadh agus úsáid na hintleachta saorga. Agus Creatchoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga, Cearta an Duine, an Daonlathas agus an Smacht Reachta ('Coinbhinsiún Vilnias') sínithe ag an Aontas, beidh sé d'aidhm aige anois é a dhaingniú go tráthúil. Agus ról domhanda Chomhairle na hEorpa maidir le caighdeáin a leagan síos á aithint aige, mar a léirítear leis an gCreatchoinbhinsiún, rannchuideoidh an tAontas le cur chun cinn an Chreatchoinbhinsiúin agus beidh baint aige le forbairt an mholta ó Chomhairle na hEorpa maidir leis an gcomhionannas agus an intleacht shaorga, agus déanfaidh sé iarracht a áirithiú go mbeidh an Creatchoinbhinsiún comhoiriúnach le Gníomh an Aontais um an Intleacht Shaorga agus le noirm agus caighdeáin eile de chuid an Aontais freisin. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le cur chun cinn agus cosaint chearta an duine i gcomhthéacsanna digiteacha.

38. Leanfaidh an tAontas d'idirlíon domhanda, oscailte, saor in aisce agus slán a chur chun cinn, chomh maith le rialachas ardán agus modhnú ábhair freagrach, agus cáinfidh sé, ag an am céanna, múchadh idirlín, cinsireacht ar líne agus faireachas neamhdhleathach ar líne, agus leanfaidh sé den bhréagaisnéis a chomhrac agus de shláine faisnéise agus cosaint mionaoiseach ar líne a chur chun cinn.

39. I gcomhréir leis an mbéim mhéadaithe ar cheisteanna gnó agus ar chearta an duine ar an leibhéal idirnáisiúnta agus leis an Treoir maidir le dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach a glacadh le déanaí, comhoibreoidh an tAontas le Comhairle na hEorpa chun freagracht bhreise a chur ar chuideachtaí as drochthionchair a ngníomhaíochtaí ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol, lena n-áirítear ina slabhraí luacha, agus as rochtain éifeachtach a thabhairt d'íospartaigh ar an gceartas.

40. Agus é suite de go bhfuil luach substainteach ag baint le hobair an Choimisinéara um Chearta an Duine ó thaobh misean Chomhairle na hEorpa a chomhlíonadh, tá an tAontas faoi réir le dul i mbun comhar níos dlúithe lena oifig sin chun tosaíochtaí comhair idir an tAontas agus Comhairle na hEorpa a chur chun feidhme.

**AN DAONLATHAS**

41. Leanfaidh an tAontas den obair le Comhairle na hEorpa chun an daonlathas a neartú san Eoraip. Déanfaidh an dá eagraíocht comhar lena chéile chun cur i gcoinne ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, lena n-áirítear feachtais bhréagaisnéise agus iarrachtaí an stair a chur as riocht. Ina theannta sin, déanfaidh siad obair le chéile chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann cheana agus ar na hionsaithe atá á ndéanamh ar an daonlathas, trí chásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht an phobail a chomhrac agus trí thacú le saorthoghcháin chóra, agus le trédhearcacht agus cuimsitheacht níos fearr i gcás na bpróiseas daonlathach agus na gcreataí daonlathacha, agus le rannpháirtíocht mhéadaithe na saoránach.

42. Déanfaidh an tAontas agus Comhairle na hEorpa obair i gcomhar le chéile chun an tsaoirse chomhlachais agus chomhthionóil a chosaint, ar saoirse ríthábhachtach í chun timpeallacht chumasúcháin a chruthú don tsochaí shibhialta agus chun rannpháirtíocht ghníomhach dhaonlathach na saoránach a áirithiú. Is saincheist ríthábhachtach don Aontas i gcónaí í rannpháirtíocht fhóinteach na sochaí sibhialta san Aontas agus an rannpháirtíocht fhóinteach an Aontais sa tsochaí shibhialta. Tá roinnt smaointe maithe luaite i dTreochlár Ardrúnaí Chomhairle na hEorpa maidir le rannpháirtíocht na sochaí sibhialta, cuir i gcás colún na sochaí sibhialta a áireamh in obair an Choiste Stiúrtha nua um an Daonlathas. Tá an tAontas faoi réir le rannchuidiú leis an obair atá ar bun ag an gCoiste Stiúrtha, lena n-áirítear an obair a bhaineann le Prionsabail Reykjavik don Daonlathas a oibríochtú.

43. Baineann an tAontas agus na tíortha is iarrthóirí ar aontachas leis an Aontas tairbhe shuntasach as saineolas Choimisiún na Veinéise maidir le feabhas a chur ar chaighdeáin bhunreachtúla agus ar an dlí toghcháin. Féachfaidh an tAontas lena chomhar le Coimisiún na Veinéise a neartú chun athchóirithe toghcháin a chothú a thuilleadh, lena n-áirítear iad siúd atá bunaithe ar mholtaí Mhisin Breathnóireachta Toghcháin an Aontais.

44. I réimse an oideachais, déanfaidh an tAontas agus Comhairle na hEorpa obair le chéile chun Limistéar Eorpach an Ardoideachais a fhorbairt, limistéar a bheidh cuimsitheach, nuálach agus idirnasctha, lena ndíreofar ar bhunluachanna acadúla, mar shampla an tsaoirse acadúil, a chosaint agus a chur chun cinn. Tacaíonn siad i gcónaí le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí ar fud an limistéir agus do chur chun feidhme Choinbhinsiún Aitheantais Liospóin agus na bprionsabal a ghabhann leis. Leanfaidh an tAontas agus Comhairle na hEorpa freisin d’oideachas saoránachta ar ardchaighdeán a chur chun cinn.

45. Is ríthábhachtach iad inniúlachtaí teanga ardfhorbartha don fhoghlaim, don lánpháirtiú, don infhostaitheacht agus don chomhtháthú sóisialta. Leanfaidh an tAontas dá chomhar leis Lárionad Eorpach um Nuatheangacha Chomhairle na hEorpa chun an barr feabhais agus an nuálaíocht i dteagasc na dteangacha a chur chun cinn, agus chun beartais éifeachtacha maidir leis an oideachais teanga a chur chun feidhme. Tá sé d’aidhm aige freisin oideachas ar ardchaighdeán a chur ar fáil d’fhoghlaimeoirí imirceacha – beidh inniúlachtaí teanga ardfhorbartha ina bpríomhinniúlachtaí idirdhisciplíneacha chun tacú leis an bhfoghlaim, an lánpháirtiú, an infhostaitheacht agus an gcomhtháthú sóisialta. Tá an t-oideachas ilteangach tábhachtach chun tacú leis an daonlathas agus le rannpháirtíocht chuimsitheach na saoránach uile, lena n-áirítear daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad.

46. Tá comhar éifeachtach á dhéanamh ag an Aontas agus Comhairle na hEorpa lena chéile le fada i réimse na hóige faoin gComhpháirtíocht Óige, lena gcothaítear sineirgí agus comhar maidir le saincheisteanna leasa choitinn a théann chun tairbhe don obair óige, don bheartas óige agus do thaighde ar an óige. In 2025-2026, díreoidh an tAontas ar phríomhshruthú na hóige sa bheartas agus ar chur chun feidhme an Chláir Oibre Eorpaigh don Obair Óige. Déanfaidh sé tionscadail taighde freisin maidir le meabhairshláinte agus dea-bhail na ndaoine óga, rannpháirtíocht na hóige, agus óige na tuaithe.

47. Leanfar den chomhar cuiditheach freisin maidir le hábhair leasa fhrithpháirtigh i réimse an **spóirt**, mar shampla an fhuathchaint agus an t-idirdhealú a chosc, an spórt a bheith sábháilte agus an comhionannas inscne a chur chun cinn. Tacaíonn an tAontas le príomhchuspóirí agus le príomhphrionsabail Coinbhinsiún *Macolin* maidir le Cúbláil na gComórtas Spóirt agus athdhearbhaíonn sé a thábhachtaí atá sé leanúint de chúbláil na gcomórtas spóirt a chomhrac.

48. Is príomhghné é teachtadh na gceart cultúrtha chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach. Leanfaidh an tAontas de bheith ag comhoibriú le Comhairle na hEorpa chun an rochtain ar ghníomhaíochtaí cultúrtha agus ealaíonta, an tsaoirse ealaíne, an éagsúlacht chultúrtha, an chruthaitheacht agus aitheantas do chearta údar, ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha a chur chun cinn.

49. Leanfar leis an gcomhar seanbhunaithe eadrainn i réimse na hoidhreachta cultúrtha leis na chéad eagráin eile de Laethanta Eorpacha na hOidhreachta. Féachfar an féidir tuilleadh comhair a dhéanamh sna réimsí a leanas: rannchuidiú na hoidhreachta cultúrtha le téamaí cothrománacha sochaíocha, mar shampla an chothroime idirghlúine agus rochtain na hóige ar chultúr, timpeallacht mhaireachtála ardcháilíochta, agus an oidhreacht a chosaint ar thubaistí nádúrtha agus ar thubaistí de dhéantús an duine.

50. Leanfaidh an tAontas de phoitéinseal an Pháirt-Chomhaontaithe Méadaithe Chomhairle na hEorpa maidir le Bealaí Cultúrtha a chur chun cinn le haghaidh comhar cultúrtha, forbairt chríochach inbhuanaithe, comhtháthú sóisialta agus le haghaidh aontacht na hEorpa.

**AN SMACHT REACHTA**

51. Tá an ról atá ag Comhairle na hEorpa ó thaobh saineolais, socraithe caighdeán agus faireacháin ríthábhachtach i gcomhthéacs phacáiste bliantúil an Aontais um méadú agus timthriall an smachta reachta, lena n-áirítear na tuarascálacha bliantúla maidir leis an smacht reachta agus scórchlár ceartais an Aontais a ullmhú agus feabhas leanúnach a chur ar uirlisí an Aontais lena ndírítear ar an smacht reachta a chosaint, go háirithe an pacáiste frithéillithe. Beidh comhar le Coimisiún na Veinéise, leis an nGrúpa Stát i gcoinne na hÉillitheachta, leis an gCoiste Saineolaithe um meastóireacht ar bhearta chun an Sciúradh Airgid agus Maoiniú na Sceimhlitheoireachta a chomhrac, leis an gCoimisiún Eorpach um Éifeachtúlacht an Cheartais agus le gach comhlacht ábhartha eile de chuid Chomhairle na hEorpa ina phríomhthosaíocht i gcónaí do na blianta atá le teacht. Ar an gcaoi chéanna, tá an tAontas ag tnúth le leanúint dár gcomhar maidir leis an mbeartas oiliúna breithiúnaí ós rud é go mbíonn breithiúna inniúla agus éifeachtúla ar thús cadhnaíochta chun an smacht reachta agus cearta bunúsacha na saoránach a chosaint.

52. Leanfaidh an tAontas de chaighdeáin agus de bhearta i gcoinne an éillithe agus an sciúrtha airgid a urramú agus a chur chun cinn, lena n-áirítear maidir le cosaint do sceithirí a thuairiscíonn sáruithe sna réimsí sin, i mBallstáit an Aontais agus i limistéir an Mhéadaithe agus i gComharsanacht an Aontais. Mar a luadh i dTeachtaireacht 2023 maidir le comhrac an éillithe, leanfaidh an Coimisiún Eorpach de phlé a dhéanamh leis na hinstitiúidí eile féachaint an bhféadfadh an tAontas a bheith rannpháirteach go hiomlán sa Ghrúpa Stát i gcoinne na hÉillitheachta.

53. I gcomhréir le Straitéis Drugaí an Aontais 2021-2025, le Plean Gníomhaíochta 2021-2025 an Aontais maidir le Drugaí agus leis na Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine i mbeartais drugaí lena leagtar amach an creat polaitiúil agus na tosaíochtaí do bheartas drugaí an Aontais, leanfaidh an tAontas dá dhlúthchomhar le Grúpa Comhair Idirnáisiúnta Chomhairle na hEorpa um Dhrugaí agus Andúil (Grúpa Pompidou) chun eolas, tacaíocht agus réitigh a chur ar fáil maidir le beartais éifeachtacha fhianaisebhunaithe um dhrugaí, lena n-urramófar cearta an duine ina n-iomláine.

54. Tá an tAontas tiomanta oibriú i ndlúthchomhar le Comhairle na hEorpa chun urraim do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha, agus a gcosaint sin agus a gcomhlíonadh sin a chur chun cinn trí reachtaíocht agus beartais frithsceimhlitheoireachta, lena gcomhlíontar cearta, a mholadh agus a chur chun cinn. Beidh sé d'aidhm ag an Aontas freisin feabhas a chur ar a fhreagairt ar an gceartas coiriúil i réimsí mar shampla radacú agus ath-lánpháirtiú agus athshlánú ciontóirí sceimhlitheoireachta. Le bearta frithsceimhlitheoireachta, lena n-áirítear bearta chun maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac, ní mór seasamh le cearta an duine agus níor cheart iad a ionstraimiú chun an spás sibhialta a laghdú, gníomh a sháródh an dlí idirnáisiúnta.

55. I réimse an chomhair bhreithiúnaigh agus póilíneachta in ábhair choiriúla, leanfaidh an tAontas de bheith rannpháirteach in obair le Comhairle na hEorpa maidir le hábhair a bhaineann le cúnamh frithpháirteach agus cineálacha eile comhair bhreithiúnaigh, lena n-áirítear trí chur chun cinn an Choinbhinsiúin maidir le Cibearchoireacht ('Coinbhinsiún Bhúdaipeist') agus an Dara Prótacal Breise a ghabhann leis maidir le comhar feabhsaithe lena gcumasaítear caomhnú agus malartú fianaise leictreonaí. Leanfaidh an tAontas freisin de bheith rannpháirteach in obair le Comhairle na hEorpa maidir le hábhair a bhaineann leis an gCoinbhinsiún um Sciúradh, Cuardach, Urghabháil agus Coigistiú na bhFáltas ó Choireacht agus um Maoiniú Sceimhlitheoireachta (Coinbhinsiún Vársá), go háirithe i gcomhthéacs na caibidlíochta atá ar siúl faoi láthair maidir le Prótacal Breise a ghabhfaidh leis an gCoinbhinsiún, arbh é is aidhm dó feabhas a chur ar éifeachtacht na haisghabhála sócmhainní coiriúla, agus cearta bunúsacha na ndaoine dá ndéantar difear á gcosaint aige go héifeachtach ag an am céanna.

56. Oibreoidh an tAontas freisin i gcomhar le Comhairle na hEorpa i réimse na gáinneála ar earraí cultúir, go háirithe i gcomhthéacs Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Gáinneáil ar Earraí Cultúrtha atá ar na bacáin. Leanfaidh sé de Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cionta a bhaineann le Maoin Chultúrtha ('Coinbhinsiún na Niocóise') a chur chun cinn, arb é is aidhm dó gáinneáil aindleathach agus scriosadh aindleathach maoine cultúrtha a chosc agus a chomhrac.